



## Preasráiteas

Lucsamburg, 15 Samhain 2022

### Deir na hiniúcháirí go bhfuil ag éirí go maith le comhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha an Aontais maidir le taighde agus nuálaíocht

Tá cuntais 2021 Chomhghnóthais an Aontais sínithe ag Cúirt Iniúcháirí na hEorpa (CIE), agus dheimhnigh sí na torthaí dearfacha a tuairiscíodh i mblianta roimhe seo. Socraítear cuspóirí uailmhianacha leis an gclár cistithe nua do thaighde agus nuálaíocht – Fís Eorpach do thréimhse bhuiséid 2021-2027 Chomh maith leis sin, tá na hiniúcháirí ag iarraidh go ndéanfaí gníomhaíocht chun cuspóirí ranníocaíochtaí Fís 2020 a bhaint amach, d'fhonn dul i ngleic le laigí atá fós ann i rialuithe inmheánacha, agus chun ullmhú do dhúshlán nua amhail pleanáil agus bainistíocht acmhainní daonna.

Is éard atá sna Comhghnóthais ná comhpháirtíochtaí idir an Coimisiún agus an tionscal, agus i gcásanna áirithe taighde, eagraíochtaí idir-rialtasacha nó Stáit Rannpháirteacha. Cistítear Comhghnóthais trí chistí airgid thirim ó chlár taighde agus nuálaíochta an Aontais (Fís 2020, Fís Eorpach agus Eoraip Dhigiteach), agus trí ranníocaíochtaí comhchineáil agus ranníocaíochtaí airgeadais eile ó na comhpháirtithe eile.

*“Leis na comhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha sin, cothaítear aistriú eolais eolaíochta go nuálaíochtaí ceannródaíochta indíolta, agus is féidir freagait do riachtanais nach ndéanann an tionscal an tionscal atá ann faoi láthair freastal leordhóthanach orthu a chothú”, a dúirt Ildikó Gáll-Pelcz, an Comhalta de Chúirt Iniúcháirí na hEorpa atá freagrach as an iniúchadh. “Is mar gheall air sin nach mór dóibh ullmhú go maith do na dúshlán atá amach romhainn.”*

In 2021, ghlac Comhairle an Aontais Eorpaigh rialacháin nua lena gcuirtear aon chomhghnóthas déag ar bun chun gníomhaíochtaí faoi chlár Fís Eorpach agus Eoraip Dhigiteach, na clár taighde agus nuálaíochta ilbhliantúla do thréimhse airgeadais 2021-2027 a chur chun feidhme. Déanann na Comhghnóthais sin a gclár shonracha taighde agus nuálaíochta a chur chun feidhme sna réimsí seo a leanas: iompar, fuinneamh, sláinte, tionscail bhithbhunaithe, teicneolaíochtaí leictreonacha, sár-ríomhaireacht agus córais chliste líonra. Bhí ocht gcinn acu i mbun oibríochta cheana faoin gclár roimhe seo (Fís 2020), agus leanfaidh siad ar aghaidh faoi na clár nua mar eintitis dhlíthiúla nua, le hainmneacha nua agus cúraimí méadaithe nó cúraimí le hathruithe beaga. Chomh maith leis na Comhghnóthais atá i mbun oibríochta cheana, bunaíodh trí cinn nua: Comhghnóthas na Líonraí

*Is é is cuspóir don phreasráiteas seo ná príomhtheachtaireachtaí na Tuarascála bliantúla ar Ghníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh ó Chúirt Iniúcháirí na hEorpa maidir le comhghnóthais an Aontais a chur in iúl. Tá an tuarascáil iomlán ar fáil ag [www.eca.europa.eu](http://www.eca.europa.eu).*

## ECA Press

12, rue Alcide De Gasperi – L-1615 Luxembourg

E: [press@eca.europa.eu](mailto:press@eca.europa.eu) @EUAuditors [eca.europa.eu](http://eca.europa.eu)

agus Seirbhísí Cliste, an Comhghnóthas Sláinte Dhomhanda agus Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Cibearshlándála. Déanfaidh an Chúirt iniúchóireacht ar na trí Chomhghnóthas nua don chéad uair tar éis dóibh a neamhspleáchas airgeadais a fháil, a meastar a tharlóidh in 2023.


Do thréimhse airgeadais 2021-2027, meastar go ndéanfaidh cistiú an Aontais do Chomhghnóthais de €15.1 billiún ranníocaíochtaí breise de €19.1 billiún ó comhpháirtithe a ghiaí (tionscal, stáit rannpháirteacha nó eagraíochtaí idirnáisiúnta) chun tionscadail taighde agus nuálaíochta de luach €34.2 billiún a bhaint amach.

Rinne Fuinneamh Comhleá (F4E) – an Comhghnóthas faoi Euratom chun an chuid Eorpach de thionscadal comhleá núicléach ITER a chur chun feidhme sa Fhrainc – measúnú in 2021 ar na costais iomlán dá oibleagáidí seachadta a chur i gcrích ag €18.3 billiún. Leagann na hiniúcháirí béim, áfach, ar na rioscaí a bhaineann le spriocanna agus costais ar cheart iad a mheas i mbonnlíne nua ITER 2023. Ós rud é go bhfuil an Rúis ina ball den eagraíocht idirnáisiúnta ITER, agus go bhfuil sé d’oibleagáid uirthi ranníocaíochtaí bliantúla a sholáthar agus roinnt comhpháirteanna a thabhairt i gcrích, d’fhéadfadh rioscaí breise a bheith ag baint leis na smachtbhannaí atá ann cheana ar an Rúis ó thaobh costais nó moilleanna méadaithe.

Tugann na hiniúcháirí ar aire go bhfuil, i bhformhór na gcásanna, gníomhaíocht cheartaitheach glactha ag na Comhghnóthais chun obair leantach a dhéanamh ar a mbarúlacha ó bhlianta roimhe seo. Fuair siad áfach, go bhfuil nithe éagsúla ann ar gá feabhas a chur orthu fós: mar shampla, thug na torthaí iniúchóireachta le haghaidh íocaíochtaí deontais le fios go bhfuil costais foirne fós mar phríomhfhoinsí earráide mar gheall ar chastacht an phróisis ríofa. Maidir le ráta cur chun feidhme gníomhaíochtaí na gComhghnóthas, tugann na hiniúcháirí ar aire, cé go bhfuil a gclár taighde agus nuálaíochta Fís 2020 tiomanta go hiomlán, nach dtabharfar chun críche líon suntasach tionscadal ach amháin faoi thréimhse airgeadais 2021-2027. D’fhéadadh cur chun feidhme comhthreomhar roinnt clár cur leis an mbrú oibre ar fhoireann an Chomhghnóthais. Go ginearálta, tugann na hiniúcháirí rabhadh faoi dhúshláin a bhaineann le hacmhainní daonna, a d’fhéadfadh tionchar diúltach a bheith aige ar fheidhmíocht fhoriomlán na gComhghnóthas agus fiú comhlíonadh na gcúraimí a chur i mbaol, i ndeireadh na dála.

### **Faisnéis chúlra**

Tá ‘Iniúchadh 2021 ar Chomhghnóthais an Aontais Eorpaigh’, le ráiteas dearbhaithe agus barúlacha do gach comhghnóthas, ar fáil ar [shuíomh gréasáin na Cúirte](#).



### Teagmháil don phreas

Preasoifig CIE: [press@eca.europa.eu](mailto:press@eca.europa.eu)

Claudia Spiti: [claudia.spiti@eca.europa.eu](mailto:claudia.spiti@eca.europa.eu) – Fón póca: (+352) 691 553 547

Vincent Bourgeais: [vincent.bourgeais@eca.europa.eu](mailto:vincent.bourgeais@eca.europa.eu) – Fón póca: (+352) 691 551 502

Damijan Fišer: [damijan.fiser@eca.europa.eu](mailto:damijan.fiser@eca.europa.eu) – Fón póca: (+352) 621 552 224